

## Uasdátú ón Aonad um Oideachas Gaeltachta

### Cruinniú den Choiste Comhairleach um Polasaí Oideachas Gaeltachta

An Mháirt, 19 Márta 2019

**1. An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022: Leithdháileadh Buiséid**

- 2018 €2.3m
- 2019 Dúbailte go thart ar €5m.

**2. Rátaí Rannpháirtíochta sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (Scéim):** Tá na rátaí rannpháirtíochta sa Scéim ard i gcónaí le 105 bhunscoil (79%) agus 28 iar-bhunscoil (97%) páirteach agus iad i mbun oibre chun aitheantas a ghnóthú mar scoil Ghaeltachta. Sa scoilbhliain 2019/20, beidh fáil ag na scoileanna seo ar dheontas bliantúil d'acmhainní Gaeilge, uaireanta tacaíochta breise don Ghaeilge, forbairt ghairmiúil leanúnach breise agus cuairteanna comhairleacha ón gCigireacht.

**3. Foilsiú Imlitreacha do scoileanna atá páirteach:** I mí Feabhra 2019, foilsíodh **Imlitreacha 0009/2019** agus **0010/2019** do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna atá páirteach sa Scéim chun eolas a sholáthar do scoileanna faoi na riachtanais don chéad tréimhse feidhme eile 2019 – 2020.

**4. Foilsiú Imlitreach do scoileanna nach bhfuil páirteach sa Scéim:** Ar mhaithe leis na scoileanna seo a spreagadh chun deis eile a sholáthar cur isteach ar an *Scéim* in 2019:

- seoladh Litir agus Imlitir ar leith (**Imlitir 0011/2019**) chuig bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar 16/1/19 agus 12/2/19 faoi seach chun na scoileanna seo a mhealladh le bheith páirteach sa Scéim
- cuirfear dlús le soláthar na n-acmhainí breise má léiríonn na scoileanna seo spéis sa *Scéim*
- cuairteanna comhairleacha ón gCigireacht tarlaithe chuig gach scoil i mí Feabhra 2019.

Tá na scoileanna nach bhfuil páirteach sa *Scéim* go dtí seo lonnaithe sna ceantair Ghaeltachta seo a leanas:

- Maigh Eo thuaidh-thiar
- Dún na nGall thuaidh-thiar mar aon le scoil amháin i dtuaisceart Dhún na nGall
- Gaillimh iarthar-láir agus thoir ó chathair na Gaillimhe.

Tá síneadh ama go dtí **21 Márta 2019** tugtha do na scoileanna seo chun spéis a léiriú sa Scéim.

**5. Cruinnithe réigiúnda i Maigh Cuilinn (28/2/19), i gceantar na Rosann (5/3/19) agus i mBéal an Mhuirthead (7/3/19):** D'fhreastail ionadaithe ón Aonad um Oideachas Gaeltachta agus ó COGG ar thrí chruinniú poiblí a d'éagraigh Údarás na Gaeltachta i gcomhar leis an Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta chun soiléiriú breise a thabhairt do na pobail scoileanna faoin Scéim agus na tacaíochtaí éagsúla atá ar fáil chun tacú leis an nGaeilge a chur chun cinn.

**6. Foilsiú Tuarascála ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta: Príomhtheachtaireachtaí (2018):** Foilsíodh tuarascáil i mí na Nollag 2018 bunaithe ar an aiseolas ó phearsanra scoile le linn cuairteanna comhairleacha na Cigireachta a rinneadh, idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2018, i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna atá páirteach sa *Scéim*. Tá an t-aischothú ó scoileanna dearfach mar a leiríonn an tuarascáil a foilsíodh.

**7. Meastóireacht ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta:** Tá an AOG ag obair leis an bhForas Taighde ar Oideachas (ERC) agus leis an gCigireacht chun sceideal gníomhaíochtaí meastóireachta mar aon le samhail mheastóireachta a fhorbairt chun tionchar na Scéime a mheas. Ní bheidh tuairiscí meastóireachta á bhfoilsiú ar scoileanna aonair. Beifear ag súil go n-úsáidfear na príomhchinntí meastóireachta chun forbairt leanúnach a dhéanamh ar an soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge i scoileanna. Tréimhse trí bliana a bheidh i gceist leis an meastóireacht agus beidh tréimhse phíolótach mar chuid de sin in 2019. Déanfaidh an mheastóireacht iniúchadh ar cheisteanna taighde ábhartha ar an tumoideachas agus ar oideachas trí mheán na Gaeilge.

Rinneadh tuairimí an Choiste Chomhairligh ar na príomhréimsí taighde a mheas agus beidh deis chomhairliúcháin eile ar fáil don choiste ar 19 Márta 2019. Cuirfear tús le gnéithe den taighde de réir mar a bhaineann sé leis an bhForas Taighde ar Oideachas in Aibreán/Bealtaine 2019.

#### **8. An Tionscnamh Píolótach ríomh-Mhoil**

Is é cuspóir an tionscnaimh píolótaigh trí bliana ná leas a bhaint as an soláthar ar líne chun cur leis an raon ábhar atá ar fáil trí mheán na Gaeilge do scoláirí in iar-bhunscoileanna Gaeltachta iargúlta, ag tosú le Fisic Ardleibhéal na hArdteistiméireachta.

Mar thoradh ar chuireadh do Léirithe Spéise i mí na Nollag 2018, léirigh 46 scoláire ó 6 scoil éagsúl speis a bheith páirteach sa mhodúl 15 cheacht ar líne don Idirbhliain (IB/TY). Cuireadh modúl idirbhliana ar líne ar *an Dlús* ar fáil bunaithe ar shiollabas na Fisice Ardleibhéal Ardteistiméireachta. Thosaigh an modúl ar 4 Feabhra 2019 agus críochnóidh sé ag tús mí Aibreáin 2019. Déanfar tionchar an mhodúil Idirbhliana a mheas go leanúnach mar bhonn eolais don chlár píolótach Ardteistiméireachta do huasmhéid 16 scoláire in 2019/20.

Ar 12 Márta 2019, seoladh nótaí eolais do scoileanna, scoláirí agus tuismitheoirí maille le Foirm Iarratas um Léiriú Spéise, chuig na hiar-bhunscoileanna atá rannpháirteach sa Scéim, ar mian leo glacadh le cúrsa Fisice Ardleibhéal Ardteistiméireachta ar líne trí mheán na Gaeilge a sholáthar mar ábhar roghnach don scoilbhliain 2019/20. Tá an léiriú spéise seo ag díriú ach go háirithe ar na hiar-bhunscoileanna nach bhfuil an acmhainn teagaisc acu faoi láthair chun cúrsa Fisice Ardleibhéal Ardteistiméireachta a sholáthar. An dáta dúnta d'iarratasóirí ná **Aoine 29 Márta 2019**.

Seolfaidh an tAire an tionscnamh píolótach ríomh-Mhoil i nGairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór, Co. Dhún na nGall (ar an Luan, 1 Aibreán 2019 – dáta le deimhniú).